



## SONRÚCHÁN POIST

### Cúntóir Taighde

### Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

### Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

### Conradh ar Théarma Seasta suas le 15 mhí (go deireadh 2024)

#### Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Ollscoil óg, uaillmhianach, bhríomhar is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ([www.DCU.ie](http://www.DCU.ie)) a bhfuil de mhisean aici ‘an saol agus an tsochaí a chlaochlú tríd an oideachas, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht’. Is fearr eolas uirthi in Éirinn mar ‘Ollscoil na Fiontraíochta agus an Chlaochlaithe’, agus tá sí tiomanta do chothú na tallainne, mar aon le haimsiú agus aistriú an eolais chun leas na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn.

Tá os cionn 20,000 mac léinn ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcúig dhámh atá scaipthe ar thrí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon-Droim Conrach i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. A bhuí lena cur chuige nuálach i leith an teagaisc agus na foghlama, cuireann an Ollscoil ‘eispéireas trasfhoirmeach mac léinn’ ar fáil a chuidíonn le céimithe a bhfuil an-tóir orthu a fhorbairt. Faoi láthair tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar an Ollscoil is fearr in Éirinn don ‘Ráta Fostaíochta Iarchéime’, agus d’ioncam céimithe (An Phríomh-Oifig Staidrimh).

Is Ollscoil diantaghde í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá roinnt Lárionad Taighde maoinithe ag SFI inti. Glacann an Ollscoil páirt i raon comhpháirtíochtaí taighde Eorpacha agus idirnáisiúnta. Is í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an phríomh-ollscoil Éireannach i réimse an aistrithe teicneolaíochta mar a léirítear le ceadúnú maoine intleachtúla. Mar institiúid ‘Tús Áite do Dhaoine’, tá DCU tiomanta don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Chuimsiú – Ollscoil a chabhraíonn le baill foirne agus le mic léinn rath a bheith orthu. Is ceannaire í an Ollscoil i dtéarmaí a cuid oibre chun rochtain ar oideachas a mhéadú, agus tá sí le háireamh i measc na hOllscoileanna is fearr ar domhan maidir le neamhionannais a laghdú i Ranguithe Tionchair an Times Higher Education.

#### Forléargas: Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

Is grúpa taighde é Gaois a bhfuil léachtóirí, taighdeoirí agus mic léinn iarchéime páirteach ann. Tá sé de mhisean ag Gaois acmhainní iontaofa nuálaíochta a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú. Tá eolas faoi na tionscadail éagsúla atá faoi chúram Gaois le fáil ag [www.gaois.ie](http://www.gaois.ie).

#### Cúlra agus Próifíl an Róil

Is deis iontach é seo a bheith páirteach i sraith tionscadal taighde a bhfuil sé de sprioc acu acmhainní digiteacha den chéad scoth a fhorbairt do lucht labhartha na Gaeilge. Beidh an té a cheapfar ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den teangeolaíocht chorpais, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile. Oibreoidh an cúntóir taighde go dlúth le baill foirne Gaois agus lena chuid páirtnéirí taighde chun

spriocanna na dtionscadal atá á reáchtáil acu a bhaint amach. Beidh an cúntóir taighe freagrach do Phríomh-Imscrúdaitheoirí na dtionscadal éagsúil agus do Cheann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge. Beidh deiseanna taighde PhD ann don té a mbeadh an cumas agus an spéis aige/aici chuige sin.

### **Dualgais agus Freagrachtaí**

- Gnáthobair eagarthóireachta a dhéanamh ar thionscadail Gaois
- Freagracht a ghlacadh as tascanna nó sruthanna oibre ar leith
- Ábhar a dhréachtú do shuíomhanna gréasáin agus meáin shóisialta Gaois
- Tuairiscí a ullmhú
- Oiliúint a chur ar chomhghleacaithe nua
- Sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe agus in imeachtaí poiblíochta de réir mar is gá
- Tuairisciú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn

### **Riachtanais an Iarrthóra**

#### **Riachtanach:**

- Bunchéim onóracha sa Ghaeilge nó i réimse gaolmhar cuí
- Cáilíocht iarchéime agus/nó taithí chuí i réimse na Gaeilge nó i réimse gaolmhar cuí
- Ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge labhartha agus scríofa\*

\*D'fhéadfadh scrúdú Gaeilge a bheith mar chuid den phróiseas iarratais.

#### **Inmhianaithe:**

- Taithí ghairmiúil ar a bheith ag obair trí Ghaeilge i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde
- Tuiscint ar chúrsaí téarmaolaíochta, béaloidis, ainmneolaíochta, nó corpais
- Tuiscint ar ghramadach na Nua-Ghaeilge
- Taithí riaracháin
- Bunscoilleana ríomhaireachta
- Bheith ábalta feidhmiú go héifeachtach mar chuid de fhoireann
- Bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- Bheith inniúil ar thaighde a chur i gcrích

### **Oiliúint Éigeantach**

Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionduchtú,

Sláinte agus Sábháilteacht, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus gach cuid de

Thraenáil Feasachta i leith Cibearshlándála. Is féidir go mbeidh oiliúint eile le cur i gcrích de réir mar is cuí.